COMHAIRLE BAILE BHRÉ

FÓGRA LÁITHREÁIN

Is mian liom _____[2]**,**
iarratas chun

Cead Pleanála

'Forbairt gan Cead' a Choimeád

Cead Pleanála Imlíneach

Cead bunaithe ar chead imlíneach
(Uimhir Thagartha den chead imlíneach; _____)[3]

a lorg d'fhorbairt ag an láithreán seo _____

_____[4]

Saghas agus réimse na forbartha[5] atá i gceist:

_____

_____

_____[6]

Is féidir an t-iarratas pleanála a scrúdú ag oifigí an Údaráis Phleanála ag Comhairle Baile Bhré, Oifigí Cathartha, Bré, Co Chill Mantáin[7], le linn na huaireanta seo a leanas; 9.00r.n. go 1.00i.n. agus 2.00i.n. go 5.00i.n. Luan go hAoine (seachas laethanta saoire bainc).
Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás pleanála taobh istigh de thréimhse 5 seachtaine ag tosnú ar an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iarratas, ach táille €20 a íoc.

Sínithe: _____ **8**

Dáta ar cuireadh an fógra láithreáin in airde: _____ **9**
Tá treoir maidir le líonadh isteach an fhógra seo ar chúl an fhógra

_____

Treoracha leis an bhfógra láihreáin seo a líonadh:

1 Ba cheart ainm an Údaráis Pleanála chuig a seolfar an tIarratas a chur isteach anseo.
2 Is cóir ainm an té go bhfuil an cead uaidh/uaithi a scríobh anseo (Ní ainm a g(h)níomhaire).
3 Cur tic ar an gceann a oireann. Is féidir iarratas a dhéanamh ar na saghsanna cead seo leanas:-
- **(a) Cead Pleanála,**
- **(b) 'Forbairt gan Cead' a Choimeád**
- **(c) Cead Pleanála Imlíneach,**
- **(d) Cead i ndiaidh cead imlíneach a fháil. Má tá an sórt seo cead á iarraidh, ba cheart an uimhir thagartha ar an gclár pleanála den gcead imlíneach cuí a chur san áireamh.**

4 Ba cheart an suíomh, baile fearainn nó seoladh poist na talún nó an struchtúr lena mbaineann an t-iarratas a chur isteach anseo.
5 Scrios de réir mar a oireann. Ba cheart an aimsir láithreach a úsáid agus 'Forbairt gan Cead' a Choimeád á lorg
6 Ba cheart cur síos a dhéanamh anseo ar nádúr agus méid na forbartha. Sa chur síos beidh:
(a) An méid tithe a cuirfear ar fáil sa chás go mbaineann an t-iarratas le soláthar tithíochta. Sán áireamh le 'tithe' tá foirgnimh atá deartha mar dhá áit chónaithe nó mar árasáin nó áitreabh eile taobh istigh d'fhoirgneamh.
(b) Nuair is coiméad struchtúir atá i gceist san iarratas, nadúr an struchtúir agus an úsáid atá molta agus, má oireann, an tréimhse atá molta leis an struchtúr a choiméad.
(c) Sa chás go mbaineann an t-iarratas le struchtúr cosanta nó struchtúr atá molta mar struchtúr cosanta ní mór sin a chur in iúl.
(d) Sa chás go bhfuil ráiteas tionchair timpeallachta ullmhaithe i leith an iarratais pleanála, ní mór sin a chur in iúl.
(e)Sa chás go mbaineann an t-iarratas pleanála le gníomhaíocht go bhfuil ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú nó Ceadúnas Dramhaíola ag teastáil, sin a chur in iúl.
(f)Cuir in iúl san iarratas pleanála más forbairt i gceantar forbartha straitéiseach atá i gceist.
(g) Cuir in iúl má bhaineann an t-iarratas pleanála le soláthar nó mionathrú struchtúir taobh istigh de Pháirt 11 de na Rialacháin (Treoir faoi Mhórthimpiste) a chur ar fáil nó a athrú.

7 Ba cheart seoladh agus uaireanta oscailte an Údaráis Pleanála a chur isteach anseo.
8 Ba chóir síniú an iarratasóra nó síniú agus seoladh teagmhála an té atá ag gníomhú ar son an iarratasóra a líonadh isteach anso.
9 Ní mór an dáta ar a gcuirtear an fógra suas ar an láthair a chur isteach anseo.

AIRTEAGAL 19 DE RIALACHÁIN PHLEANÁLA AGUS FHORBARTHA 2001

1 Beidh aon fhógra láithreáin a chuirtear suas ar aon talamh ná struchtúr de réir airteagal 17(1)(b):
- **(a) sa cruth a leagtar amach i bhFoirm 4 de Sceideal 3 nó i gcruth atá cosúil leis**
- **(b) faoi réir ag fo-airteagal(4), scríofa nó priontáilte i ndúch doscriosta ar chúlra bán, daingnithe ar ábhar buan, docht agus daingnithe i gcoinne na droch-aimsire agus cúiseanna eile, agus**
- **(c) faoi réir ag fo-airteagal(2), curtha suas go daingean nó socraithe ar suíomh feiceálach ar nó in aice an bealach isteach go dtí an talamh nó struchtúr atá i gceist ón mbóthar poiblí, nó sa chás go bhfuil níos mó ná bealach isteach amháin ann ó bhóthar poiblí, ar nó in aice le gach bealach isteach dá leithéid, nó ar aon chuid eile den talamh nó den struchtúr le hais bóthar poiblí, gur féidir é a fheiceáil agus a léamh go soiléir ón bpríomh bhóthar, agus ní ceadaítear é a bheith doiléir ná clúdaithe ag aon am.**

2 Sa chás nach nascann an talamh ná an struchtúr lena bhaineann an t-iarratas pleanála le bóthar poiblí, cuirfear suas fógra láithreáin ar suíomh feiceálach ar an talamh nó struchtúr sa tslí gur féidir é a fheiceáil agus a léamh go soiléir ón bpríomh bhóthar, agus ní ceadaítear é a bheith doiléir ná clúdaithe ag aon am.
3 Sa chás go bhfuil an tÚdarás Pleanála den tuairim nach gcomhlíonann tógáil ná socrú fógra láithreáin coinníollacha fo-airteagail (1) agus (2), nó sa chás nach gcuireann siad an pobal ar an eolas ar slí oiriúnach, d'fhéadfadh an tÚdarás Pleanála iarradh ar an iarratasóir tuilleadh fógraí láithreán a chur suas de réir slite agus téarmaí leagtha amach ag an Údarás Pleanála agus pé fianaise a iarrann an t-údarás orthu a chur ar fáil maidir le comhlíonadh riachtanais dá leithéad.
4 Sa chás go ndéantar iarratas pleanála maidir le haon talamh nó struchtúr agus má chuirtear isteach aon iarratas eile ina dhiaidh sin laistigh de sé mhí ó dháta an chéad iarratas a bhaineann le

talamh ar a bhfuil formhór an talún a bhí i gceist sa chéad iarratas, in ionad riachtanais fo-airteagal (1)(b), beidh an fógra láithreáin scríofa nó priontáilte i ndúch doscriosta ar chúlra buí, daingnithe ar ábhar buan, docht agus daingnithe i gcoinne na droch-aimsire agus cúiseanna eile.

AIRTEAGAL 20 DE RIALACHÁIN PHLEANÁLA AGUS FHORBARTHA 2001

Anuas ar na riachtanais a bhaineann le hairteagal 17(1)(b), beidh an fógra láithreáin in áit ar an talamh nó an struchtúr ar feadh tréimhse cúig seachtainE ón dáta a bhfaigheann an tÚdarás Pleanála an t-iarratas pleanála agus déanfar é a athnuachan nó a athchur má baintear anuas é nó má aghloiteadh é nó munar féidir é a léamh laistigh den tréimhse sin.